Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13169/22

LIMITE

CORLX 885
CFSP/PESC 1281
RELEX 1287
COAFR 251
COARM 191
FIN 1038

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe i ndáil le Poblacht na Guine |

**RIALACHÁN (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe i ndáil le Poblacht na Guine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/... ón gComhairle an ... 2022[1+] lena leasaítear Cinneadh 2010/638/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

---

1 Cinneadh (CBES) 2022/... ón gComhairle an...lena leasaítear Cinneadh 2010/638/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine (OJ L ...)).

+ IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir thagartha agus dáta an Chinnidh a leagtar amach in ST13167/22 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 ón gComhairle[1], tugtar éifeacht do na bearta dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/638/CBES ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine.

(2) Le Cinneadh (CBES) 2022/...[+], tugtar isteach modhnú ar theideal Chinneadh 2010/638/CBES.

(3) Tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, dá bhrí sin, chun éifeacht a thabhairt do Chinneadh (CBES) 2022/...[+], go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha na bearta sin i bhfeidhm go haonfhoirmeach sna Ballstáit uile.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 ón gComhairle an 22 Nollaig 2009 lena bhforchuirtear bearta sriantacha áirithe i ndáil le Poblacht na Guine (IO L 346, 23.12.2009, lch. 26).

[+] IO: cuir isteach le do thoil uimhir thagartha an Chinnidh a leagtar amach in ST13167/22

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 'Rialachán (AE) Uimh. 1284/2009 ón gComhairle an 22 Nollaig 2009 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Ghuine'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC